



Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property Office of Ireland

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2025



Clár na nÁbhar

1.0 Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI	7
1.1 Cuspóir 1 Sármhaitheas Oibríochta agus Seirbhíse do Chustaiméirí	8
1.2 Cuspóir 2 - Sármhaitheas i Seirbhísí Faisnéise	8
1.3 Cuspóir 3 - Tacú le Creat Dlíthiúil Láidir IP	9
1.4 Cuspóir 4 -Sármhaitheas na Foirne agus san Ionad Oibre	10
2.0 Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla	12
2.1 Paitinní	13
2.2 Trádmharcanna agus Dearaí	15
2.3 Iarratais Mhaidrid	16
2.4 An Iris Oifigiúil	16
3.0 Comhoibriú Idirnáisiúnta	18
3.1 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)	18
3.2 An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)	20
3.3 Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO)	20
4.0 Imeachtaí 2025	23
5.0 Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta	27
5.1 Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas	28
6.0 Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí	29
6.1 Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021)	30
6.2 An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014	30
7.0 Rialáil Níos Fearr agus an tUalach Riaracháin a Laghdú	31
8.0 Eagrú agus soláthar foirne	32
9.0 Éifeachtúlacht Fuinnimh san IPOI	33
10.0 Staitisticí Gnó	34
10.1 Paitinní	
10.2 Trádmharcanna	38
10.3 Dearaí	43
10.4 Cóipcheart	45
11.0 Knowledge Development Box	47
11.1 Tuarascáil KDB	47
12.0 Faisnéis Airgeadais	48
12.1 Fáltais agus Speansaid-An Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2025	49
13.0 Spriocanna Feidhmiúcháin 2025	51

Brollach



Tá sé mar onóir dom mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, ionas gur féidir í a chur os comhair gach Tí den Oireachtas de réir Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992.

Baineann mo Thuarascáil le comhlíonadh m'fheidhmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992 (arna leasú), Acht na dTrádmharcanna, 1996 (arna leasú), an tAcht um Dhearthaí Tionscail, 2001, an tAcht um Chóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000, na Rialacha Reachtúla agus Rialacháin éagsúla a rinneadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Tá cinntí faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo le mo chumas reachtúil, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Cuimsíonn mo Tuairisc freisin tuairisc ar Scéim Dheimhniúcháin KDB mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017.

Chomh maith lena phríomhghnó arb é an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le hiarratais ar chearta maoine intleachtúla (Paitinní, Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna), Trádmharcanna agus Dearaí Tionsclaíocha) a riar agus cláir leictreonacha agus bunachair shonraí na gceart sin a choinneáil, comhlíonann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) roinnt feidhmeanna oibríochtúla agus rialála lena n-áirítear:

- Imeachtaí a riar os comhair an Rialaitheora maidir le cearta Maoine Intleachtúla lena n-áirítear éisteachtaí ar chur i gcoinne clárúcháin trádmharcanna.
- Cláir aturnaetha Paitinne agus Trádmhairc a choinneáil atá údaraithe oibriú sa Stát.
- Clárú agus tuairisciú comhlíontachta ag comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt/eagraíochtaí comhbhainistíochta a riaradh chomh maith le réiteach díospóidí maidir le méideanna ríchíosa is iníoctha leis na comhlachtaí siúd a thagann chun cinn go príomha i réimse an taispeántais taifeadtaí fuaime phoiblí.
- Cur le forbairt beartais agus reachtaíochta maidir le cearta maoine intleachtúla.
- Cúnamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chearta maoine intleachtúla.
- Cuireann mo thuarascáil faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar an gcaoi ar

chomhlíon an Oifig a feidhmeanna reachtúla agus rialála éagsúla mar aon leis na gníomhaíochtaí coimhdeacha agus tacaíonn réimse staitisticí gnó léi.

I measc na bpríomhstaitisticí gnó, go hachomair, tá na nithe seo a leanas

- Fuarthas 591 iarratas Náisiúnta ar Phaitinní, agus deonaíodh 110 Paitinn; Fuarthas 48 iarratas ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta agus deonaíodh, diúltaíodh, nó tarraingíodh siar 27 díobh. Ainmníodh Éire le 201,974 iarratas ar Phaitinní Eorpach le linn 2025.
- Fuair an Oifig 3,328 iarratas ar Thrádmharc Náisiúnta agus 823 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta ag ainmniú Éire. Cláraíodh 1,609 iarratas Trádmharc Náisiúnta agus cosnaíodh 810 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta. Fuarthas 57 iarratas Dearaidh Náisiúnta, ina raibh 134 Dearaidh, agus cláraíodh 87 Dearadh faoi dheireadh na bliana.
- D'fhreastail an Oifig ar an líon is mó imeachtaí bailithe faisnéise in 2025. Ina measc seo bhí Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT, Gradaim Chlár Fiontar na Mac Léinn, na Craobhacha Náisiúnta Treabhdóireachta, chomh maith le comhoibriú leis an Líonra Fiontar Áitiúil agus cur i láthair a chur ar fáil ag breis is 59 meánscoil.

Le linn 2025, lean Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann de bheith ag comhlíonadh a príomhfheidhmeanna chun nuálaíocht in Éirinn a chur chun cinn, a thacú agus a chosaint go gníomhach, rud a chuireann le geilleagar Éireannach níos láidre agus níos iomaíche.

Is fás measartha ach athléimneach, le tacaíocht den chuid is mó ag éileamh láidir intíre agus fíor-ioncam atá ag ardú, fiú agus móiminteam iomlán fós faoi smacht, atá i gceist leis an timpeallacht eacnamaíoch. Ag an am céanna, tá maolú tagtha ar an mboilsciú ón mbliain roimhe sin, rud a chabhraíonn le costais ghnó a chobhsú, agus feabhas a chur ar choinníollacha maoinithe agus rátaí úis a mhaolú ag spreagadh infheistíochta de réir a chéile. Tá sé sin le sonrú sa mhéadú láidir ar líon na gcomhdaithe Trádmharcanna agus Dearaidh agus líon seasta na n-iarratas ar Phaitinn a chomhdaítear ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Mar sin féin, tá an téarnamh eacnamaíoch seo á mhaolú ag teannas leanúnach trádála agus ag éiginnteachtaí maidir le taraifí, rud a chuireann brú ar onnmhairí agus ar mhuinín gnólachtaí, chomh maith le rioscaí leanúnacha geopholaitiúla a chruthaíonn luaineacht i gcónaí. Le chéile, sainmhíníonn na tosca seo bliain de chobhsú cúramach, áit a bhfuil téarnamh soiléir ach fós srianta ag brúnna seachtracha agus struchtúracha.

Ar an leibhéal náisiúnta, lean Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann de bheith rannpháirteach go gníomhach le raon leathan comhdhálacha, taispeántais agus seimineár maoine intleachtúla i rith na bliana.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, lean Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus córas na bPaitinní Aonadacha ar aghaidh ag teacht in aibíocht i rith na bliana, ag simpliú forfheidhmiú paitinne ar fud na hEorpa tuilleadh agus ag cur le hilroinnt dhlíthiúil laghdaithe agus costais d'úsáideoirí. Bhí ról suntasach ag an Eagraíocht Dhomhanda um Maoine Intleachtúil (WIPO) freisin maidir leis an gcreat IP idirnáisiúnta a chur chun cinn, le tionscnaimh taidhleoireachta ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn agus ar dhúshlán atá ann le fada an lá. Léirigh na forbairtí seo tiomantas idirnáisiúnta atá ag dul i méid maidir le hinrochtaineacht, éifeachtúlacht agus cuimsitheacht an chórais dhomhanda maoine intleachtúla a fheabhsú.

Ní bheadh obair na hOifige indéanta gan comhoibriú agus rannpháirtíocht láidir ó réimse leathan comhlachtaí ionadaíocha poiblí agus príobháideacha, a bhfuil comhchuspóir acu go léir an t-éiceachóras maoine intleachtúla a neartú do ghnólachtaí na hÉireann agus d'úsáideoirí córais IP. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhlachtaí ionadaíocha maoine intleachtúla in Éirinn agus leis an bpobal gnó i gcoitinne as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don chomhar agus don chomhoibriú den scoth atá againn lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO), agus WIPO.

Ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a chuireann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ar fáil don Oifig, rud atá ríthábhachtach do sheachadadh éifeachtach fheidhmeanna reachtúla IPOI. Ina leith sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Declan Hughes, Ard-Rúnaí, agus leis an Uasal John Newham, Leas-Ard-Rúnaí. Ba mhaith liom aitheantas breise a thabhairt don tacaíocht leanúnach ó Aonad Maoine Intleachtúla na Roinne, go háirithe Tara Coogan Uasal agus Jean O'Neill Uasal.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir san IPOI as a gcuid oibre crua, a ndúthracht agus a ngairmiúlacht leanúnach i rith 2025. Ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a ghabháil freisin leis na baill foirne sin a chuaigh ar scor, a fuair ardú céime, nó a aistríodh ón Oifig i rith na bliana as a seirbhís thiomanta agus as a rannchuidiú luachmhar. Cuirim fáilte chroíúil roimh na comhghleacaithe nua go léir a tháinig isteach san Oifig le linn 2025 agus táim ag tnúth le bheith ag obair le chéile agus muid ag leanúint ar aghaidh ag tacú le nuálaíocht agus le fiontraíocht trí chóras maoine intleachtúla éifeachtach agus freagrúil.




James Kelly

Rialaitheoir Maoine Intleachtúla

1.0

Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI



1.0 Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI



Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta atá freagrach as cearta maoine intleachtúla (IPRanna) a dheonú agus a chlárú in Éirinn, go háirithe cearta paitinne, trádmharcanna agus dearaidh thionsclaíoch. Tá 47 státseirbhíseach ag obair san IPOI atá sannta ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

Le linn 2025, lean an Oifig ag obair i dtreo na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise IPOI 2023-2025 a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí seo ailínithe le Ráiteas Straitéise na Roinne freisin. Go sonrach, rannchuideoidh straitéis IPOI leis an toradh inmhianaithe a bhaint amach, is é sin “timpeallacht ghnó a éascaíonn infheistíocht agus forbairt, iomaíocht sa mhargadh, agus caighdeán arda cosanta do chustaiméirí” trí leanúint de chóras rialála nua-aimseartha a fhorbairt do mhaoin intleachtúil, rud a spreagann fás eacnamaíoch trí nuálaíocht a spreagadh.

Is é príomh-mhisean an IPOI: “Oifig Maoine Intleachtúla nua-aimseartha digitithe a sheachadadh, nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh, a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla den chéad scoth le bheith bródúil astu.” Bainfear an cuspóir seo amach trí chearta maoine intleachtúla (IPRanna) i bpaitinní, i dtrádmharcanna agus i ndearaí a chosaint laistigh de chreat dlíthiúil láidir a chuireann nuálaíocht chun cinn in Éirinn. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an IPOI eolas inrochtana faoi IPRanna agus faoin gcóras maoine intleachtúla níos leithne a scaipeadh go gníomhach.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise IPOI reatha 2023 go 2025 príomhthosaíochtaí na hOifige, atá ailínithe le ceithre chuspóir straitéiseacha mar seo a leanas:

1. Sármhaitheas oibríochta agus seirbhíse do chustaiméirí
2. Sármhaitheas seirbhísí faisnéise,
3. Tacú le creat dlíthiúil láidir IP agus,
4. Sármhaitheas foirne agus san ionad oibre

Déanann an tráchttaireacht seo, mar aon leis na staitisticí gnó a ghabhann leis, athbhreithniú ar iarrachtaí na hOifige chun na ceithre chuspóir seo a bhaint amach i rith 2025. Tugann sé léargas freisin ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i maoin intleachtúil agus ar an tírdhreach maoine intleachtúla atá ag athrú i rith na bliana.

1.1 Cuspóir 1

Sármhaitheas Oibríochta agus Seirbhíse do Chustaiméirí



Tá an Oifig tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin agus seirbhís ardchaighdeán fhreagrúil a sholáthar i gcomhréir le spriocanna feidhmíochta. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta na hOifige um Sheirbhís do Chustaiméirí 2023-2025 na príomhspríocanna seirbhíse agus sainmhínítear na tréimhsí ama is fearr chun tascanna éagsúla inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le custaiméirí a chur i gcrích. Tá na spriocanna seo mionsonraithe sa chuid “Spriocanna Feidhmíochta” den tuarascáil seo.

Cuireann an Oifig sraith seirbhísí digiteacha atá furasta le húsáid ar fáil, lena n-áirítear ríomhchomhdú le haghaidh paitinní, deimhnithe cosanta forlíontacha (SPCanna), trádmharcanna agus dearáí, chomh maith le cuardaigh trádmharcanna agus dearáí ar líne agus ríomhíocaíochtaí. Sa bhliain 2025, cuireadh beagnach gach iarratas ar chearta IP isteach ar líne (97% do paitinní agus SPCanna, 99% do thrádmharcanna, agus 66% do dhearáí). Ina theannta sin, íocadh beagnach gach táille reachtúil go leictreonach, trí íocaíochtaí ar líne nó ríomhaistriú airgid (EFT). Tá an IPOI ag smaoineamh faoi láthair ar uathoibriú breise a chur i bhfeidhm ar a shaoir ríomhíocaíochtaí chun go mbeidh sé indéanta gach táille IPOI a íoc ar líne. Cé nach bhfuil an IPOI tar éis aistriú go córas gan pháipéar go hiomlán fós, tá iarrachtaí ar siúl chun gach próiseas bunaithe ar pháipéar a chur in ionad le roghanna digiteacha. Le linn 2025, lean foireann na hOifige, i gcomhar leis an Aonad TFC, de bheith ag tiomáint an chlaohlaithe dhigitigh trí réitigh a thabhairt isteach chun sreabhadh oibre a shruthlíniú agus a dhigitiú.

1.2 Cuspóir 2 -

Sármhaitheas i Seirbhísí Faisnéise



Is príomhchuspóir de chuid IPOI é faisnéis chuimsitheach a sholáthar ar gach gné de chearta maoine intleachtúla, ag cabhrú le SMEnna, micreafhiontair agus fiontraithe luach a gcuid smaointe a uasmhéadú, a ngnólachtaí a neartú agus tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcóras IP. In 2025, láimhseáladh an t-ionad faisnéise breis is 4,000 fiosrúchán ríomhphoist agus 3,500 fiosrúchán teileafóin. Ag tógáil ar na cártaí faisnéise a táirgeadh anuraidh, thug an Oifig an cárta faisnéise Maoine Intleachtúil isteach mar phóstaer i nGaeilge agus i mBéarla do gach scoil. Scaiptear an póstaer ar scoileanna ina soláthraíonn an Oifig cur i láthair faoi Mhaoine Intleachtúil san Oideachas, agus tugadh é freisin do mhúinteoirí staidéir ghnó ag Comhdháil BSTAI. Go dtí seo tá fáilte mhór curtha roimhe.

Bhí taispeántas ag an Oifig ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT i mí Eanáir ag babhtáí ceannais Ghradaim Fiontraíochta na Mac Léinn i mí na Bealtaine. Rinne an IPOI urraíocht ar dhuaisianna ag an dá imeacht. Ghlac baill foirne páirt freisin i roinnt seimineár agus cúrsaí oiliúna dírithe ar IP arna reáchtáil Lónra na nOifigí Fiontar Áitiúil (OFÁ) ag díriú ar FBManna, Clár Teorainneacha Nua FÉ do choláistí agus Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Ghlac an Oifig páirt i gCruinniú Mullaigh T&F Eoraip IP sa Toghchán i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair, agus bhí seastán aici i mbliana ag Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan i gCill Chainnigh, agus ag Dúshlán Dearadh Gnó na hÉireann freisin mar chuid de Sheachtain Dearaidh 2025. Le linn 2025, chuir an Oifig cur i láthair IP ar fáil do 59 scoil ar fud na tíre mar chuid den chlár IP san Oideachas, a reáchtáladh i gcomhar leis an gClár Fiontraíochta Mac Léinn. Chuir an Oifig clinicí IP ar fáil freisin a thug deis do bhaill den phobal, d'aireagóirí, d'fhiontraithe, a n-iarratas maoine intleachtúla a phlé go pearsanta le foireann na hOifige. Tá tuilleadh eolais faoi imeachtaí for rochtana na hOifige mionsonraithe níos faide sa tuarascáil seo.

Comhoibríonn an Oifig leis an Eagraíocht Dhomhanda um Maoine Intleachtúil (WIPO), le hOifig na bPaitinní Eorpacha (EPO) agus le hOifig Maoine Intleachtúla an AE (EUIPO) trí chlár chomhair dhéthaobhacha. Soláthraíonn na tionscnaimh seo tacaíocht do rannpháirtíocht in imeachtaí feasachta IP, sainoiliúint, tionscadail TFC le haghaidh malartú sonraí IP, agus comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta. I rith na bliana, ghiaílaí foireann na hOifige an tacaíocht airgeadais agus theicniúil a thairg an WIPO, EPO agus EUIPO, ag baint leasa as maoiniú, meantóireacht agus rochtain ar shaineolas agus acmhainní.

1.3 Cuspóir 3 - Tacú le Creat Dlíthiúil Láidir IP



Is cuid ríthábhachtach den chreat reachtach é rialáil CMIlna a chuireann nuálaíocht chun cinn agus a spreagann í. Tugann an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Oifig an ceart d'iarratasóirí agus do dhílseánaigh éisteacht a fháil i gcúinsí áirithe agus sula bhfeidhmítear chun dochair aon chumhachtaí lánroghnacha a leagtar amach sna hAchtanna agus sna Rialacha. Le linn 2025, reáchtáil an Oifig trí éisteacht idirpháirteach maidir le trádhmharcanna.

Leanann córas um Phaitinn Aonadach (UP) agus Cúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC) ag leathnú, agus tá an t-éileamh fós láidir i measc iarratasóirí Eorpacha, agus shroich an ráta glactha foriomlán UP ar fud na hEorpa 28.7% in 2025. Cé nach bhfuil comhaontú UPC daingnithe ag Éirinn go fóill, is féidir le gnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as an

UPC, agus tá siad ag baint leasa as an UPC cheana féin. Féadfaidh sealbhóirí paitinne na hÉireann leanúint de phaitinní Eorpacha a fháil le héifeacht aonadach, agus bailí i ngach Ballstát AE a ghlacann páirt sa chóras tráth an chláraithe.

Déanann foireann IPOI ionadaíocht ar Éirinn i bhfóiraim idirnáisiúnta éagsúla, ag cinntiú go gcuirtear seasamh na hOifige maidir le cúrsaí maoine intleachtúla in iúl go héifeachtach, agus go n-aithnítear agus go gcoimeádtar é. Déanann an Ardbhainistíocht ionadaíocht ar Éirinn ar Chomhairle Riaracháin an EPO agus a choistí gaolmhara, ar Bhord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid EUIPO, agus ar Thionól Ginearálta WIPO. Ina theannta sin, glacann foireann na hOifige ar saineolaithe ina réimsí iad, páirt in iliomad coistí teicniúla agus idirchaidrimh de chuid EPO agus EUIPO, chomh maith le Grúpaí Oibre Tionscadail a spreagann tionscnamh comhtháthaithe agus comhchuibhiú Eorpacha.

Cothaíonn rannpháirtíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta idirphlé maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm clár comhair agus comhtháthaithe idir na heagraíochtaí seo agus oifigí IP náisiúnta agus réigiúnacha eile san Eoraip. Dá réir sin, cuireann sé ar chumas na hOifige a creataí dlíthiúla agus rialála, nósanna imeachta oibríochtúla agus seirbhísí do chustaiméirí a bheachtú agus a fheabhsú i gcomhréir le dea chleachtais dhomhanda.

1.4 Cuspóir 4 - Sármhaitheas na Foirne agus san Ionad Oibre



Tá an Oifig tiomanta do chultúr barr feabhais agus féinfhorbartha leanúnaí a chothú i measc na foirne chun seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur ar fáil. Mar a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2023-2025, tá oiliúint agus forbairt foirne tugtha mar thosaíocht ag an Oifig, agus ag cinntiú go bhfuil na scileanna agus na cumais riachtanacha ag fostaithe. Chun cabhrú leis seo a bhaint amach, déantar feidhmíocht na foirne a mheas go rialta. Tugann an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS) deis don fhoireann spriocanna aonair a shocrú, athrú a thiomáint agus leanúint de chleachtais oibre a fheabhsú chun seirbhís ardchaighdeán éifeachtach a sholáthar. De réir PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oiliúna a bhreithnigh na riachtanais oiliúna éagsúla a aithníodh ag an bhfoireann ina bpleananna forbartha pearsanta do 2025. Comhlánaíonn gach aonad den Oifig Cairt Foirne freisin, ina leagtar amach cuspóirí na foirne, ina sainmhínítear dea-chleachtas agus atá ina uirlis úsáideach sa timpeallacht oibre chumaiscthe. In 2025, bhí deis ag an bhfoireann páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéise agus oiliúna go fíorúil agus go pearsanta, ag clúdach raon leathan ábhar a bhaineann lena gcuid oibre, oiliúint ar an gcéad chéim eile den Chartlannú Náisiúnta agus freisin ar IS agus Cóipcheart, chomh maith le folláine mheabhrach agus choirp.



2.0

Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla

2.0 Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla



Rangaíonn Innéacs Nuálaíochta Domhanda WIPO (GII) geilleagair dhomhanda de réir a gcumas nuálaíochta.

Déanann Innéacs Nuálaíochta Domhanda (GII) 2025¹ de chuid na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) rangú ar 139 geilleagar ar fud an domhain bunaithe ar a gcumas nuálaíochta, ag baint úsáide as 78 táscaire atá grúpáilte in ionchuir nuálaíochta agus aschuir nuálaíochta. In 2025, bhí Éire san 18ú háit ar leibhéal domhanda, agus í sa 10ú háit san Eoraip. Leagann na torthaí béim ar láidreachtaí suntasacha na hÉireann i ngníomhaíocht dhian agus dhigiteach IP: Tá Éire sa 1ú háit ar domhan maidir le honnmhairí seirbhísí TFC agus íocaíochtaí maoine intleachtúla, sa 2ú háit i dtaca le déine sócmhainní doláimhsithe, agus sa 3ú háit i ndáil le caiteachas bogearraí. Ag leibhéal na gcolún, tá Éire sa 10ú háit d'Institiúidí agus sa 15ú háit maidir le Sofaisticiúlacht Ghnó, rud a léiríonn timpeallacht láidir rialála agus gnó, agus í sa 24ú háit i gCaipiteal Daonna agus Taighde, a thugann le fios dúshlán leanúnacha i ndéine T&F intíre. Tríd is tríd, leanann Éire ag feidhmiú níos láidre ar aschuir nuálaíochta (17ú háit) ná maidir le hionchuir nuálaíochta (21ú háit), rud a léiríonn cumas láidir chun eolas agus sócmhainní intleachtúla a aistriú go luach eacnamaíoch.

Leagann na torthaí seo béim ar ról lárnach na maoine intleachtúla i múnla nuálaíochta agus fáis na hÉireann, agus treisíonn siad sainordú IPOI go díreach chun tacú le forbairt, cosaint agus tráchtálú éifeachtach maoine intleachtúla, d'earnálacha a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus don éiceachóras nuálaíochta intíre atá ag teacht chun cinn.

Ar fud an domhain, bhí fás nuálaíochta le linn 2025 faoi stiúir teicneolaíochtaí ríomhaireachta, go háirithe intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, in éineacht le dul chun cinn leanúnach i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlan, forbairt ceallraí, agus soghluaisteacht leictreach agus uathrialach. Cé gur léirigh infheistíocht nuálaíochta comharthaí téarnaimh, lean teannas geopholaitiúil, ilroinnt trádála agus neamhchinnteacht slabhra an tsoláthair ag cur brú ar chaiteachas domhanda T&F agus ar ghníomhaíocht caipitil fiontair.

I gcomhthéacs an chúlra domhanda seo, d'fhan feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann láidir in 2025. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh (POS)², tháinig fás 4.9% ar an ngeilleagar intíre, rud a d'fheidhmigh go suntasach níos fearr ná an chuid is mó de chomhghleacaithe an AE. Tháinig méadú 12.3% ar an Olltáirgeacht Intíre (OTI), lena n-áirítear gníomhaíocht ilnáisiúnta, agus é á thiomáint go príomha ag feidhmíocht onnmhairiúcháin an-láidir in earnálacha cógaisíochta agus TFC.

1 [Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2025 - torthaí GII 2025](#)

2 [Baile - POS - An Phríomh-Oifig Staidrimh](#)

Tháinig méadú thart ar 2.9% ar chaiteachas tomhaltóirí, le tacaíocht ó fhíorioncaim ag ardú, agus neartaigh an ghníomhaíocht tógála, agus tháinig méadú 19.4% ar thógáil tithe nua. D'fhan an boilsciú sách srianta ar feadh cuid mhaith den bhliain. Bhí boilsciú, arna thomhas ag an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (IPT), ag 1.9% i mí Eanáir 2025, d'fhan sé gar do 2% don chuid is mó den bhliain, agus d'ardaigh sé go 3.2% i mí na Samhna, arna thiomáint go príomha ag costais bhia, fuinnimh agus seirbhísí. Lean margadh saothair na hÉireann ag feidhmiú ag leibhéal láidre go stairiúil, le fostaíocht ag baint amach an leibhéal is airde riamh de thart ar 2.83 milliún faoi dheireadh na bliana, agus d'fhan an ráta dífhostaíochta gar do 5%, ag tacú le héileamh intíre agus athléimneacht eacnamaíoch.

2.1 Paitinní

2.1.1 Iarratais náisiúnta ar phaitinní

Léirigh líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar phaitinn a comhdaíodh in 2025 laghdú 24% ar 2024 (ó 774 go 591). Laistigh den fhigiúr foriomlán sin, tháinig laghdú ar chomhdú paitinní náisiúnta gearrthéarmacha a fuarthas le linn 2025 i gcomparáid leis an iomlán do 2024 (ó 642 go 424) agus mhéadaigh líon na n-iarratas ar phaitinní fhadtéarmach ó 132 go 167. Léiríonn sé seo filleadh ar ghnáthlíon na n-iarratas ar phaitinní tar éis ardú i líon na n-iarratas ar phaitinní a fuarthas le dhá bhliain anuas, go háirithe, comhdú paitinne gearrthéarmach náisiúnta a fuarthas ón tSín.

2.1.2 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna)

Leathnaíonn Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) cosaint paitinne chuig táirgí míochaine agus táirgí cosanta plandaí suas le 5 bliana, chun moilleanna maidir le ceadú rialála a fháil sna luathbhlianta agus an táirge á thabhairt ó stádas paitinnithe chuig indíoltacht. Cuireann monaróirí cearta an SPC san áireamh chun síneadh ar a n-eisiachas margaidh a chinntiú d'fhonn costais infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt a aisghabháil. B'ionann iomlán na n-iarratas ar SPCanna agus 48 in 2025, arb ionann é agus laghdú 9% ar an iomlán de 53 iarratas in 2024.



**48 iarratas
SPC in 2025**

2.1.3 Paitinní na hEorpa lena n-ainmnítear Éire

Tháinig méadú beag 1% go 201,974 ar líon na n-iarratas ar phaitinní a fuarthas ag an EPO in 2025. Cuirtear iarratais ar phaitinní Eorpacha lena n-ainmnítear Éire ar Chlár Paitinní na hÉireann tar éis foilsíú an deontais ag an EPO agus tá an stádas dlíthiúil céanna acu agus dá mbeidís bronnta ag an Oifig.


Tháinig méadú 5.5% ar líon iomlán na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a chomhdaigh cuideachtaí cónaitheacha in Éirinn in 2025 i gcomparáid le 2024. Le 1,179 iarratas a cuireadh isteach in 2025, tá Éire anois rangaithe sa 10ú háit i dtéarmaí iarratais ar phaitinní Eorpacha in aghaidh an mhilliúin áitritheoirí.

Tábla 1. Forbairtí ar líon na n-iarratas ar Phaitinní Eorpacha ó Éirinn ó 2020 i leith


	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Iarratais PE ó chuideachtaí cónaitheacha in Éirinn ¹	980	1015	1180	1071	1118	1179

Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2025 d'Éirinn. Féadfaidh na figiúirí comhdaithe stairiúla a léiríodh sna blianta roimhe seo a bheith éagsúil ó bhliain go chéile mar gheall ar nuashonrú na mbunachar sonraí ag na húdaráis phaitinne lena mbaineann.

Fíor 1. Éire - Líon na n-iarratas ar phaitinní in aghaidh an réimse teicneolaíochta in 2025



Fíor 2. Na 10 n-iarratasóir is fearr in Éirinn 2025



Foinse: Ionad Staitisticí & Treochtaí | epo.org

2.2 Trádmharcanna agus Dearaí

Tháinig méadú 42% ar líon iomlán na n-iarratas ar thrádmharcanna Náisiúnta ó 2,336 in 2024 go 3,328 in 2025. Bhí líon na n-iarratas ar Dhearadh Tionsclaíoch a fuarthas dothuartha i gcónaí agus tá luaineacht tagtha air le blianta beaga anuas. In 2025, fuarthas 134 iarratas dearaidh ar leith san iomlán, méadú 23% ar fhiigiúr 2024.

2.2.1 Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna)

Is rogha le roinnt iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (EUTM) seachas clárú sonrath Éireannach a fháil toisc gur mian leo cosaint trádmhairc a fháil san AE, agus clúdaíonn clárú EUTM gach ceann de 27 tír an AE. Tháinig méadú 23% ar líon na gcomhdúchán ar iarratas EUTM a rinne iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn ó 1,527 iarratas in 2024 go 1,876 iarratas in 2025. Tháinig laghdú ar iarratais ar Dhearadh Pobail a chomhdaigh iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn ó 304 go 274 in 2025.

Tábla 2. Iarratais EUTM agus RCD ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn

	2023	2024	2025
Iarratais EUTM	1,351	1,527	1,876
Clárúcháin EUTM	1,166	1,278	1,437
Iarratais RCD	304	301	302
Foilsíodh clárúcháin RCD	326	304	274

Foinse: [Staitisticí - EUIPO](#)

2.2.2 Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Córas idirnáisiúnta cláraithe trádmhairc is ea Prótacal Mhaidrid a thugann an deis d'úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha trí iarratas amháin a chomhdú. Cuireann córas Mhaidrid, atá á riaradh ag WIPO, réiteach cliste gnó ar fáil d'aon chuideachta atá ag iarraidh a trádmharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh den AE de ghnáth). Féadann an méid a úsáideann cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn táscaire úsáideach a thabhairt go bhfuil ar intinn acu briseadh isteach i margaí eachtracha agus margaí nua a chruthú do réimsí táirge atá ann cheana agus do réimsí táirge nua. Faoi láthair tá 114 ball ag córas Mhaidrid a chlúdaíonn 130 tír. Is ionann na baill seo agus níos mó ná 80% de thrádáil an domhain.

Fuarthas 823 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán, arb ionann é agus laghdú de 6 ar fhiigiúr 2024. Cosnaíodh 810 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán i rith na bliana.

2.3 Iarratais Mhaidrid

Tábla 3. Iarratais & Clárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí TM atá lonnaithe in Éirinn

	2023	2024	2025
Iarratais Mhaidrid i gcás inarb í Éire an tír shealbhóra (faoi dáta comhdaithe)	251	291	312
Líon na gClárúcháin Idirnáisiúnta i gcás inarb í Éire an tír shealbhóra	263	280	295
Ainmniúcháin i gclárúcháin i gcás inarb í Éire an tír shealbhóra	2,213	2,248	3,044
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin i gcás inarb í Éire an tír shealbhóra	287	188	141

Foinse: Staitisticí IP WIPO (Staitisticí Córais Mhaidrid (wipo.int))

Thaifead WIPO 295 clárú idirnáisiúnta do shealbhóirí trádmharcanna a raibh sainchónaí orthu in Éirinn in 2025, méadú 5% ar 2024. Cuimsíonn na clárúcháin seo 3,044 ainmniúchán comhaltaí Mhaidrid eile inar fhéach na sealbhóirí le cosaint a leathnú dá dtrádmharcanna. Ainmníodh 141 comhalta Mhaidrid breise san iomlán ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta atá ann cheana féin ó Éirinn, chun a raon cosanta bunaidh geografach a leathnú chuig ballstáit nó dlínsí Mhaidrid breise.

2.4 An Iris Oifigiúil

Foilsítear an iris gach coicís ar shuíomh gréasáin an IPOI i bhformáid PDF agus i leaganacha inchuadaithe. Is i ngach eagrán den iris a bhíonn innéacs inchuadaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le paitinní, trádmharcanna agus dearaidh. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach iris faoi thrádmharcanna agus faoi dhearaidh ar glacadh leo. Is san iris freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san iris chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Tá saoráid idirghníomhach leis an iris a ligeann d'úsáideoirí d'aon phaitinn, d'aon trádmharc nó d'aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den iris..

3.0

Comhoibriú Idirnáisiúnta



3.0 Comhoibriú Idirnáisiúnta



Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhoibrithe lena comhghleacaithe idirnáisiúnta, an EUIPO, an EPO agus an WIPO ar roinnt tionscadal, chun comhchuibhiú a chur chun cinn ar fud na n-oifigí IP náisiúnta, agus chun rudaí a dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádmhairc agus dearaidh.

3.1 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)



Lean an Oifig ar aghaidh ag cur go gníomhach le go leor tionscnamh agus tionscadal atá á mbainistiú ag an EUIPO i rith na bliana.

Tionóladh an chéad bhabhta de chruinnithe nua an Chomhphobal Fíorúil EUIPO a seoladh faoi Phlean Straitéiseach EUIPO 2030 i mí an Mhárta. Lean siad sin ar aghaidh ar bhonn ráithiúil le linn 2025. Ghlac foireann IPOI páirt ghníomhach iontu seo agus chuir siad leo. Tá dul chun cinn fíor agus substaintiúil déanta cheana féin ag na Comhphobail Fhíorúla trína gcuid oibre, a rachaidh chun tairbhe d'Oifigí Maoine Intleachtúla ar fud an AE agus do chustaiméirí agus d'úsáideoirí a gcuid seirbhísí.

Éascaíonn Clár Cóineasaithe EUIPO, a seoladh in 2011, comhtháthú cleachtas idir EUIPO agus Oifigí Náisiúnta. Ag comhoibriú le Cumainn Úsáideoirí Eorpacha, is é an príomhchuspóir teacht ar chomhthuiscint i réimsí ina bhfuil cleachtais éagsúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé seo an obair atá ar bun chun uirlisí TF coiteanna a chruthú faoin gCiste um Chomhar. Lean foireann na hOifige orthu ag cur leis na héachtaí a baineadh amach sna blianta roimhe sin trína rannpháirtíocht ghníomhach i nGrúpaí Oibre éagsúla a bunaíodh chun tacú le haidhmeanna an chomhair agus le cóineasú an chleachtais.

Mar thaca le ceann dár bpríomhspríocanna, chun cearta IP ardchaighdeán a sholáthar, dhaingnigh an Oifig an dul chun cinn a baineadh amach trí dheimhniú cáilíochta ISO9001 a bhronnadh in 2023. Rinneadh iniúchadh seachtrach rathúil ar ár bpróisis agus ár nósanna imeachta mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcóras seo. Ina theannta sin, bunaíodh foireann nua iniúchta inmheánaigh lánoilte chun a chinntiú go leanann an Oifig ag feidhmiú de réir na gcaighdeán dea chleachtais. Chabhraigh cúnamh airgeadais agus saineolaithe ón EUIPO go mór leis an tionscadal seo.

Lean Ciste FBManna, a sheol EUIPO in 2021, ag fás agus ag leathnú go rathúil. Cruthaíodh an scéim seo chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide Eorpacha (FBManna) a IP a fhorbairt agus a gcearta IP a chosaint, ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an AE. Tá an ciste á oibriú ag an EUIPO i gcomhar leis

na hoifigí IP náisiúnta, lena n-áirítear an IPOI. Faoi théarmaí na scéime, d'fhéadfadh FBManna Éireannacha a bheith incháilithe chun 75% de tháillí bunúsacha iarratais agus clárúcháin a fháil i gcás trádmharcanna agus dearaí náisiúnta agus AE. Ina theannta sin, d'fhéadfadh FBManna iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht 90% de chostas iniúchta IP arna dhéanamh ag saineolaithe aitheanta. Féadfaidh an Ciste FBManna, faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe bhuiséadaithe, na táillí cuardaigh atá mar chuid den nós imeachta iarratais ar phaitinn náisiúnta a aisíoc freisin.

Is iad seo a leanas na príomhbhuntaistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasaithe éagsúla:

- Soiléireacht agus trédhearcacht: Coinníonn tionscnaimh chumarsáide chomhroinnte le páirtithe leasmhara ar an eolas faoi dhul chun cinn go tráthúil, le faisnéis aontaithe.
- Cáilíocht agus inúsáidteacht: rochtain éifeachtach agus éifeachtúil ar chosaint a thairgeann córais chlárúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE araon.
- Deimhneacht dhlíthiúil: deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe mar gheall ar chomhsheasmhacht níos mó i gcinntí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.
- Coigilteas ama agus costais: laghduithe féideartha ar amanna próiseála iarratais agus coigilteas costais d'oifigí IP agus d'iarratasóirí araon.

Lean an Oifig ar aghaidh ag fáil tacaíochta ón EUIPO chun ár n-ionchur sonraí a choinneáil ar a n-uirlisí suaitheanta TMview agus Design View. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith chostas raon leathnaithe imeachtaí feasachta, inar scaipeadh faisnéis faoi thrádmharc an AE agus Córais Dearaidh an AE.

Cuireadh córas nua i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh an 1 Nollaig 2025 chun freastal ar Tháscairí Geografacha do Tháirgí Ceirde agus Tionsclaíocha. Bainistíonn sé sin ceart maoine intleachtúla nua ar fud an AE, agus cosnaíonn sé ainmneacha táirgí áirithe neamhthalmhaíochta atá nasctha go láidir le limistéar geografach ar leith. Bhí dlúthbhaint ag baill foirne IPOI leis na hullmhúcháin do sheoladh an chórais nua.

Ghlac foireann IPOI páirt ghníomhach freisin i roinnt cruinnithe ardleibhéil a d'eagraigh an EUIPO. Ina measc sin bhí an Bord Bainistíochta agus an Coiste Buiséid atá freagrach as maoirseacht straitéiseach, cuntasacht agus bainistíocht fhóna airgeadais na hOifige. Cruinniú Comhair Bliantúil Líonra Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh. Is é seo an príomhfhoram ina ndéantar comhar ar fud oifigí IP na hEorpa a phleanáil, a mheas agus a ailíniú

3.2 An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)



Lean an IPOI ar aghaidh ag comhlíonadh a fhreagrachtaí maidir le cosaint maoin intleachtúla a eascraíonn as ballraíocht na hÉireann san Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO), agus na conarthaí iltaobhacha a bhfuil WIPO ag feidhmiú mar thaiscí ina leith. Mar chuid de na gealltanais sin, d'fhreastail an Rialaitheoir ar Chruinniú Cinn Oifige WIPO i mí Aibreáin 2025 agus ar Chomhthionól Ginearálta WIPO i mí Iúil 2025, cruinniú bliantúil na mBallstát uile de chuid WIPO ag a bpléitear tosaíochtaí straitéiseacha agus treo an bheartais IP idirnáisiúnta amach anseo.

Chomh maith leis sin, choinnigh an Oifig teagmháil leanúnach le WIPO i rith na bliana, go háirithe maidir le tionscnaimh a chuireann meicníochtaí éifeachtacha agus inrochtana chun cinn d'fhonn díospóidí a réiteach le haghaidh ábhair a bhaineann le maoin intleachtúil agus teicneolaíocht. Tá an IPOI ag tnúth le leanúint lena dhlúthchomhar le hIonad Eadrána agus Idirghabhála WIPO agus le tacú le feachtas níos fearr ar na buntáistí a bhaineann le réiteach malartach díospóide do shealbhóirí cearta agus nuálaithe.

3.3 Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO)



Le linn 2025, lean foireann IPOI de ról gníomhach a bheith acu in obair Oifig Eorpach na bPaitinní (EPO), ag cur le gníomhaíochtaí a príomhchomhlachtaí agus a príomhchoistí. Ghlac ionadaithe ón Oifig páirt i gcruinnithe na Comhairle Riaracháin, an Choiste Buiséid agus Airgeadais, an Choiste um Chomhar agus Tacaíocht Theicniúil, agus an Choiste um Dlí na bPaitinní.

I rith na bliana, d'oibrigh an IPOI go dlúth leis an EPO freisin chun cuspóirí an Chomhaontaithe Comhair don tréimhse 2024–2026 a bhaint amach. Soláthraíonn an comhaontú sin maoiniú spriocdhírthe agus cúnamh teicniúil thar cheithre réimse tosaíochta agus tacaíonn sé le forbairt leanúnach ar chumais oibríochtúla na hOifige, agus ag an am céanna treisítear comhoibriú agus aistriú eolais idir OPE agus oifigí náisiúnta paitinne.

Cloch mhíle shuntasach faoin gcomhoibriú seo ba ea comhar an IPOI leis an EPO maidir le huirlis nua Ardán Idirghníomhach Dlíthiúil (LiP) a chur i bhfeidhm a fheidhmíonn mar stór lárnach do dhoiciméadú reachtach agus naisc chuig ár suíomh gréasáin, rud a chuireann ar chumas na foirne rochtain a fháil ar fhaisnéis agus í a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla. In 2025, bhí Éire ar cheann den dá Bhallstát EPO a roghnaíodh chun an uirlis seo a chur i bhfeidhm, rud a léiríonn rannpháirtíocht láidir an IPOI leis an nuálaíocht dhigiteach agus a ullmhacht chun réitigh intleachta saorga ardleibhéil a ghlacadh i riarachán paitinne.

Is iad seo a leanas na ceithre thionscadal a dtacaítear leo faoin gcomhaontú:

1.



Eolas agus for-rochtain:

Tacú le feasacht maoine intleachtúla a chur chun cinn agus luachanna na nuálaíochta, na fiontraíochta agus na teicneolaíochta a chothú, go háirithe laistigh den earnáil oideachais.

2.



Cóineasú cleachtas:

Ailíniú breise ar chleachtais paitinne a chur chun cinn ar fud Bhallstáit EPO chun comhsheasmhacht agus torthaí feabhsaithe a áirithiú d'úsáideoirí an chórais paitinne.

3.



Comhoibriú TF:

Bainistíocht sonraí, slándáil faisnéise agus cumais dhigiteacha an IPOI a neartú trí úsáid fheabhsaithe a bhaint as ardteicneolaíochtaí, lena n-áirítear intleacht shaorga.

4.



Tacaíocht acmhainne do Bhallstáit:

Cúnamh spriocdhírthe a thabhairt d'oifigí náisiúnta paitinne a bhfuil srianta sealadacha acmhainne acu i gcuardach agus scrúdú paitinne.





4.0

Imeachtaí 2025

4.0 Imeachtaí 2025

Le linn 2025, d'fhreastail an IPOI ar imeachtaí agus cruinnithe éagsúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chomh maith le cruinnithe difriúla a óstáil inár n-oifig i gCill Chainnigh. Seo léargas ar chuid de na himeachtaí ar freastalaíodh orthu.

Eanáir

D'fhreastail IPOI ar Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT i mBaile Átha Cliath

D'fhreastail foireann faisnéise IPOI ar Sheó na hIdirbhliana i Luimneach

Comhdháil ar Tháscairí Geografacha in EUIPO ar fhreastail an Oifig uirthi

EPO – Comhchruinniú maidir le TFC



Sa phictiúr tá James Kelly, Rialaitheoir Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann, Katie Zheng agus Elisha Zhu ó Loreto ar an bhFaiche, Baile Átha Cliath, buaiteoirí ghradam urraithe an IPOI.



Sa phictiúr ó chlé go deas: An tUasal Gordon Humphreys, Cathaoirleach an Chéad & an Dara Bord Achomhairc, Susy Scardocchia Uasal, Cúntóir Dlí an Dara Bord Achomhairc, an tUasal James Kelly Rialaitheoir an IPOI, an tUasal Sven Stürmann, Uachtarán na mBord Achomhairc, Keeva Doherty Uasal, Cúntóir Dlí an Cheathrú Bord Achomhairc, an tUasal John Nolan, Ceann Scrúdú Trádmharcanna, IPOI agus Beatriz Benito Uasal, An Bord Achomhairc, An fhoireann um Chomhar Comh-Aireachta.

Feabhra

Seimineár Boird Achomhairc EUIPO do Chleachtóirí IP agus IPOI i mBaile Átha Cliath

EPO - Grúpaí Oibre um Chomhoibriú TF

Cuairt Theicniúil EPO



Sa phictiúr ag an 182ú Comhairle Riaracháin tá James Kelly, Rialtóir IPOI, agus Borghildur Erlingsdottir, Ard-Stiúrthóir Oifig Maoine Intleachtúla na hÍoslainne

Márta

Cruinniú réigiúnach CIPTA/APTMA i mBaile Átha Cliath – Cur i láthair ón Rialaitheoir

Ghlac an Oifig páirt i Seachtain na Fiontraíochta agus chuir sí cur i láthair ar fáil, idir fhóiréir agus go pearsanta

EPO – An Chomhairle Riaracháin & An Roghchoiste



Sa phictiúr ag cruinniú TOSC ag an EPO tá Avril Hetherington, Dolores Cassidy agus Lianne Maher

Aibreán

Comhdháil EUIPO/WIPO/EPO: Maoin Intleachtúil mar spreagthóir don Nuálaíocht agus Fás

Cruinniú Choiste Tacaíochta Teicniúla agus Oibríochtúla EPO

Bealtaine

D'fhreastail an Oifig ar Chruinniú Comhair Bliantúil EUIPN sa Chipir

D'fhreastail an Rialaitheoir ar ghrúpa INTA

D'fhreastail an Oifig ar Chomhdháil C5 maidir le Dlíthíocht Paitinne i réimsí na Cógaisíochta agus Biteicneolaíochta

D'fhreastail an Rialaitheoir ar chruinniú de Choiste Buiséid agus Airgeadais an EPO

Bhronn an Oifig a nGradaim urraithe Fiontraíochta Mac Léinn ar bhuaiteoirí gach catagóire sa Mhuileann gCearr

Cruinniú idir an IPOI agus Coiste IP agus DP de chuid Chumann Dlí na hÉireann

Freastalaíonn an Oifig ar Ócáid Fiontar Áitiúil i gCill Dara



Sa phictiúr ag Coiste Buiséid agus Airgeadais EPO tá Claire O'Reilly ó Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann agus Beata Oleszek, Príomhshaineolaí ag Roinn um Chomhar Idirnáisiúnta, Oifig Paitinní na Polainne.



Sa phictiúr tá James Kelly, Rialaitheoir an IPOI agus António Campinos, Uachtarán Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO), agus iad ag síniú an chomhaontaithe oibre maidir le comhar cuardaigh.

Meitheamh

EUIPO – An Bord Bainistíochta ar fhreastail an Rialaitheoir air

Cruinniú de Phointí Teagmhála EUIPN ar fhreastail an Oifig air

EPO - An Chomhairle Riaracháin & an roghchoiste ar fhreastail an Rialaitheoir air, agus síníodh an Comhaontú um Chomhar Cuardaigh lena linn

Lúil

D'fhreastail an Oifig ar Chomhdháil PATLIB 2025 in EPO Vín

D'fhreastail an Rialaitheoir ar Chruinniú Chomhthionól Ginearálta WIPO sa Ghinéiv



Sa phictiúr seo tá James Kelly, Rialaitheoir IPOI, i gcuideachta comhghleacaithe ó WIPO agus ionadaithe ó bhallstáit eile ag an 66ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)



Sa phictiúr tá Alena Lane, Fergal Brady, Dolores Cassidy (Ceann na Scrúdaithe Paitinne), Michaela Hogan (an ball foirne is nua againn) agus Karen Ryan.

Lúnasa

D'fhreastail an Rialaitheoir ar oiliúint de chuid Choiste na bPinsean agus Slándála Sóisialta do Chiste Cúlchiste an EPO

D'fhreastail an Oifig ar Sheó Thulach Mhór

Mhéadaigh an Oifig líon na Scrúdaitheoirí Paitinne a ceapadh

Meán Fómhair

D'fhreastail an Oifig ar imeacht de chuid Eoraip IP sa Toghchaí i mBaile Átha Cliath agus ghlac sí páirt i bplé painéil comhrá cois tine

D'fhreastail an Oifig ar Ghrúpa Oibre an EPO um Cháilíocht Sonraí

EPO - Grúpaí Oibre um Chomhoibriú TF

D'fhreastail an Rialaitheoir ar Sheimineár Treochtaí IP de chuid Dlí-Chumainn agus thug faoi chur i láthair

D'fhreastail an Oifig ar Ghrúpa Oibre EIPIC de chuid EUIPO (ar líne)

D'fhreastail an Oifig ar Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta



Sa phictiúr tá James Kelly, Rialaitheoir an IPOI agus Agris Batalauskis, Stiúrthóir an Patentu valde | Oifig Paitinne Phoblacht na Laitvía ag síniú Meabhrán Tuisceana idir a nOifigí.



Sa phictiúr ag deireadh an 184ú Cruinniú de Chomhairle Riaracháin Oifig Eorpach na bPaitinní i München, tá James Kelly, Rialaitheoir IPOI, agus Claire O'Reilly.

Deireadh Fómhair

D'fhreastail an Oifig ar Chóineasú Cleachtais EPO

D'fhreastail an Oifig ar Aistriú Comhaontú Comhoibrithe EPO

D'fhreastail an Oifig ar fhoireann INPADOC EPO

D'fhreastail an Oifig ar Choiste Dlí Paitinne EPO

D'fhreastail an Oifig ar Chruinnithe Idirchaidrimh EUIPO

An Chomhairle Riaracháin & An Roghchoiste EPO

Coiste Buiséid agus Airgeadais EPO

D'fhreastail an Oifig ar chomhdháil Chumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI)

D'fhreastail an Oifig ar Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan i gCaisleán Chill Chainnigh

Samhain

D'fhreastail an Oifig ar Choiste Tacaíochta Teicniúla agus Oibríochtúla EPO

D'fhreastail an Rialaitheoir ar Bhord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid EUIPO

Cruinniú le Stiúrthóir Ionad Idirghabhála agus Eadrána an UPC

Ghlac an Oifig páirt i Seachtain Dearaidh na hÉireann 2025 de chuid Chomhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann

Cuireadh ceardlann maidir le IP agus paitinní ar fáil d'iomaitheoirí ceannais Stripe YSTE 2026

Reáchtáladh cruinnithe de Bhord na nGníomhairí Paitinne agus Trádmharcanna



Sa phictiúr ag Gradaim Dúshlán Dearaidh Gnó na hÉireann ag Tairseach Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tá Caroline Kelly, IPOI, agus Mary Blanchfield, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (DCCI)

Nollaig

D'fhreastail an Rialaitheoir ar Chomhairle Riaracháin an EPO


D'fhreastail an Oifig ar chruinniú Teagmhálacha EUIPN in Alicante

Chuir an Oifig cur i láthair faisnéise ar fáil mar chuid de Chlár New Frontiers de chuid Fhiontraíocht Éireann



Sa phictiúr tá Mary Anne Walsh agus Caroline Kelly (IPOI) in éineacht le Javier Moreno, Leas-Stiúrthóir um Chomhar agus Comhpháirtíochtaí ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

5.0 Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta



Cuireann suíomh gréasáin IPOI rochtain ar fáil ar raon seirbhísí cuardaigh idirghníomhacha ar líne agus seirbhísí íocaíochta táillí. I measc na seirbhísí ar líne tá ríomhíocaíochtaí, ríomhchomhdú paitinne, SPC, iarratais ar thrádmharcanna agus ar dhearadh, breathnú agus cuardach ar phaitinn, trádmharcanna agus cláir dearaidh agus bunachair sonraí, cláir na gcomhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt agus gníomhairí paitinne agus trádmharcanna. I measc na n-ábhar a foilsíodh ar an suíomh gréasáin, bhí tuarascálacha bliantúla na bliana roimhe sin, an tsraith iomlán de leabhráin faisnéise IP, Ráiteas Straitéise reatha na hOifige agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí chomh maith le gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna na hOifige. Tugadh 246,687 cuairt ar an láithreán gréasáin in 2025. Mar a tharla sna blianta roimhe seo tá na leathanaigh chuardaigh cláir idirghníomhacha ar líne fós ar cheann de na leathanaigh láithreáin gréasáin is coitianta, mar aon le Clár na nGníomhairí Trádmharcanna agus Treoir maidir leis an Iarratas a Chomhlánú.

Tar éis di a láithreacha a leathnú ar a bealaí digiteacha go léir, leanann an Oifig de líon na leantóirí a mhéadú in 2025 trí ábhar tráthúil, inghlactha a sholáthar, aird a tharraingt ar láithreacha ag imeachtaí agus feachtais faisnéise spriocdhírthe a reáchtáil atá dírithe ar FBManna agus ar mhic léinn. Tháinig méadú 40.5% ar lucht leanúna LinkedIn i rith na bliana, agus fuarthas 495 leantóir breise. Ba é “IP agus ceol an téama a bhí ag Lá Domhanda na Maoine Intleachtúla 2025: Mothaigh rithim na Maoine Intleachtaí”. Chuir an Oifig físeán in airde i mbliana le Davy Long, áit ar thug sé cuntas ar thábhacht an chóipchirt chun a chuid ceoil a chosaint, mar cheoltóir agus mar chumadóir amhrán araon. Chomh maith leis sin, postáladh físeán ó Scrúdaitheoirí Paitinne agus Scrúdaitheoirí Trádmharcanna na hOifige ag marcáil Scrúdaitheoirí IP a Cheiliúradh agus a Chumhachtú le WIPO.



5.1 Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas

In 2025, lean foireann faisnéise IPOI ar aghaidh ag leathnú an chláir IP san Oideachas do mhic léinn meánscoile. I gcomhar leis an gClár Fiontar Mac Léinn, d'fhreastail an fhoireann ar scoileanna ar fud na tíre agus chuir siad an cur i láthair ar fáil do bhreis is 3,000 mac léinn. Tá na seisiúin faisnéiseacha agus tráthúla ar mhaoin intleachtúil dírithe go sonrach ar scoláirí Idirbhliana a ghlacann páirt go hiondúil in imeachtaí ar nós Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT agus Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn, áit ar cheart machnamh a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil ina gcuid iontrálacha. Tá formáid an chur i láthair “Cad is Maoin Intleachtúil ann?” an-idirghníomhach sa mhéid go bhfuil roinnt cainteoirí ag déanamh cuir i láthair ar na cearta IP éagsúla. Spreagtar mic léinn chun páirt a ghlacadh sa chur i láthair trí chodanna ceiste agus freagra a chomhtháthú ar fud agus roinnt samplaí laethúla a léiríonn an chaoi a mbíonn tionchar ag IP ar na roghanna a dhéanaimid go laethúil. Úsáidtear táirgí agus lógónna le linn an chur i láthair chun cabhrú le mic léinn dea-thuiscint a fháil ar na cearta IP éagsúla, amhail paitinní, trádhmharcanna, cóipcheart, dearáí agus rúin trádála. Clúdaíonn an cur i láthair a nuashonraítear gach bliain freisin réimse na hintleachta saorga atá ag forbairt go tapa, earraí bréige, mar aon lenár bhfiseán míniúcháin beoite IP san Oideachas agus sleamhnáin fuaime nua le haghaidh cóipchirt agus IS. Tá an cárta faisnéise um Maoin Intleachtúil athraithe ag an Oifig chomh maith go formáid póstaer dhá thaobh i nGaeilge agus i mBéarla, a dáileadh ar scoileanna ar fhreastail siad orthu ó Mheán Fómhair 2025.



Buaiteoirí uile na ngradam sa phictiúr le Caroline Kelly IPOI, Giuliana Keane, Sophie Gillard, Katelyn Murtagh agus Toni O'Loone, Rohaan Bhatnagar, Emma Fallon & Saoirse O'Driscoll

6.0 Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí



Cuireann an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí, atá leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na ndaoine a sholáthraíonn siad seirbhísí dóibh, chomh maith lena bhfoireann, a chosaint.

Ceanglaítear leis an Acht ar chomhlachtaí poiblí, ag féachaint dá bhfeidhmeanna, cuspóir, méid agus dá n-acmhainní atá ar fáil, tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus ar éachtaí i gcomhlíonadh an dualgais seo mar chuid dá socruithe tuairiscithe bliantúla.

Tá an IPOI tiomanta do chultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas a chothú don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse araon. Ina ghníomhaíochtaí laethúla, agus go háirithe ina rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, cinntíonn an IPOI nach ndéantar idirdhealú ar aon bhall den phobal nó ar pháirtithe leasmhara eile ar aon cheann de na forais chosanta a leagtar amach sa reachtaíocht chomhionannais - inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún, nó ball den Lucht Siúil. Tá na caighdeáin chomhionannais agus chothroime chéanna i bhfeidhm ar fud na heagraíochta d'fhoireann IPOI.

I measc na meicníochtaí atá i bhfeidhm laistigh den IPOI chun tacú le comhlíonadh dhualgas na hearnála poiblí tá:

- Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach ar riachtanais inrochtaineachta faoin Acht um Mhíchumas, 2005, lena n-áirítear Oifigeach Rochtana IPOI a cheapadh.
- Ceangaltais chomhionannais agus chearta an duine a neadú laistigh den Phlean Seirbhíse do Chustaiméirí an IPOI, bunaithe ar rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhíse agus le páirtithe leasmhara.
- Beartas Dínit san Ionad Oibre de chuid na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a thugann aghaidh ar bhulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh.

Tá Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe 2024-2026 na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta i bhfeidhm fós in 2025, ag soláthar creat chun cultúr dearfach cuimsitheach san ionad oibre a chur chun cinn, comhionannas deiseanna don fhoireann a chinntiú, agus comhionannas rochtana ar sheirbhísí do chustaiméirí. Tá James Kelly, Rialaitheoir an IPOI, ina bhall de ghrúpa oibre na Roinne atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh ghníomhaíochtaí na Straitéise agus as tuairisciú ar dhul chun cinn.

6.1 Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021)

Tá an IPOI tiomanta dá dualgais faoi na hAchtanna Teangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 a chomhlíonadh. De réir Alt 4(b) de na hAchtanna, tuairiscíonn an IPOI gach bliain ar chomhlíonadh na gceanglas reachtúil seo.

Ceapadh Claire O'Reilly, Príomhoifigeach Cúnta, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú i ndáil le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla.


I measc na ngníomhartha a rinneadh le linn 2025 chun tacú le comhlíonadh bhí:

- An cion riachtanach d'ábhar meán sóisialta a fhoilsiú i nGaeilge.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas faoi na hAchtanna agus bearta a chur i bhfeidhm chun an dóchúlacht go dtarlóidh siad arís a laghdú.
- Ábhar faisnéise a tháirgeadh go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla araon.

6.2 An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar nochtadh cosanta a fhaightear. Ní bhfuair an IPOI aon nochtadh cosanta le linn 2025.

7.0 Rialáil Níos Fearn agus an tUalach Riaracháin a Laghdú



Tacaíonn an IPOI le tosaíocht an Rialtais iomaíochas na hÉireann a neartú trí phrionsabail Rialúcháin Níos Fearn a chur i bhfeidhm agus trí ualaí riaracháin agus comhlíonta nach bhfuil gá leo a laghdú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do mhicrifhiontair.

Agus é ag feidhmiú i dtimpeallacht arb iad is sainairíonna é claochlú digiteach a luathú agus castacht rialála a mhéadú, lean IPOI ar aghaidh le linn 2025 ag díriú ar a chinntiú go raibh a bheartais, a sheirbhísí agus a phróisis éifeachtach agus dírithe ar an úsáideoir. Baineadh é sin amach agus cosaint láidir á coinneáil ar chearta maoine intleachtúla agus ag tacú le nuálaíocht ar fud an gheilleagair.

Le linn 2025, chuir IPOI réimse gníomhaíochtaí chun cinn chun Rialachán Níos Fearn a leabú tuilleadh thar a chuid oibríochtaí. I measc na bpríomhthionscnaimh bhí:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, ar scéimeanna agus ar phróisis oibríochtúla atá ann cheana féin chun deiseanna a aithint d'fhonn ceanglais a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú;
- An prionsabal “Smaoinigh Beag ar dTús” a chur i bhfeidhm maidir le dearadh seirbhíse agus próisis, le béim faoi leith ar inrochtaineacht do FBManna agus d'iarratasóirí aonair;
- Cur chuige atá dírithe ar sheirbhísí digiteacha i leith seachadadh seirbhíse a chur chun cinn, spleáchas ar phróisis pháipéarbhunaithe a laghdú agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú ó thús deireadh.


Tá IPOI fós tiomanta don trédhearcacht agus d'fheabhsú leanúnach sa réimse seo. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le Rialachán Níos Fearn a leabú agus an t-ualach riaracháin a laghdú trí shraith táscairí feidhmíochta seanbhunaithe, lena n-áirítear:

- Feidhmíocht na seirbhíse i gcoinne na gcaighdeán ama próiseála foilsithe;
- Seirbhísí digiteacha a ghlacadh, lena n-áirítear seirbhísí comhdaithe agus athnuachana ar líne;
- Méid na n-iarratas agus próifílí úsáideoirí, lena n-áirítear leibhéil rannpháirtíochta daoine aonair agus fiontair bheaga;
- Feidhmiú na Tástála FBManna maidir le tionscnaimh nua ábhartha agus forbairtí seirbhíse;
- Athbhreithniú ar phróisis spriocdhírithe agus ar sheirbhísí a thabhairt chun críche chun deiseanna simplithe breise a shainaithint.

Déantar athbhreithniú ar na táscairí seo mar chuid de shocruithe leanúnacha bainistíochta feidhmíochta agus rialachais IPOI agus tuairiscítear iad, nuair is cuí, tríd an Tuarascáil Bhliantúil.

Trí na bearta sin, lean IPOI ar aghaidh le linn 2025 ag cur le creat rialála a thacaíonn le nuálaíocht, a éascaíonn fás fiontraíochta, agus a chumasaíonn rannpháirtíocht éifeachtach le córas maoine intleachtúla na hÉireann.

8.0 Eagrú agus soláthar foirne



Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí na 47 post líonta ag 45.2 coibhéis lánaimseartha. Ina theannta sin, bhí triúr ball foirne buana – Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus beirt Oifigeach Cléireachais ag baint leasa as scéim roinnte oibre. Soláthraíonn an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig. Tá triúr ball d'Aonad TF na Roinne agus seisear ball d'fhoireann an IPU lonnaithe san Oifig.

Teideal	Poist
Rialtóir Maoine. Intleachtúla	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	2
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	5
Scrúdaitheoir Paitinne	4
Oifigeach Feidhmiúcháin	19
Oifigeach Cléireachais	14
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	47

9.0 Éifeachtúlacht Fuinnimh san IPOI



I gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, chinntigh an IPOI gur ionad oibre inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a bhí san Oifig in 2025 trí laghduithe ar astaíochtaí, trí thionscadail coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm chomh maith le héiteas glas a bhunú san Oifig.

Tá ról lárnach ag foireann na hoifige maidir le Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh an Rialtais a sheachadadh a bhfuil sé mar sprioc aige idiú fuinnimh a laghdú, feasacht na foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealamh téimh/aerchóirithe. Tá coigilteas suntasach mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh ó 2008 i leith, nuair a chuaigh an Oifig isteach sa fheachtas Optimising Power @ Work den chéad uair. Is tionscnamh tras-Rannach é seo atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí a bhfuil sé mar aidhm aige iompar na foirne a athrú i leith úsáid fuinnimh agus cur amú fuinnimh a dhíchur in oifigí poiblí. Ceaptar Comhairleoir Fuinnimh do gach foirgneamh rannpháirteach agus leagann sé/sí síos spriocanna coigiltis fuinnimh. Tugann an Comhairleoir Fuinnimh comhairle don fhoireann freisin maidir le conas is féidir coigiltis fuinnimh a bhaint amach, trí bhearta gan aon chostas nó ar chostas íseal. I measc na mbeart bhí monatóireacht ghéar ar úsáid téimh chun dramhaíl a sheachaint le linn laethanta saoire poiblí, gach soilsíú neamhriachtanach a mhúchadh agus teocht an téimh a laghdú.

Bunaithe ar shonraí dheireadh na bliana, tá 59% sábháilte ag an Oifig san iomlán ar idiú fuinnimh ó chuaigh sí isteach san fheachtas. Lean an Oifig ar aghaidh ag comhlíonadh na sprice 2030, 50% a socraíodh, a d'eascair as laghdú 67% ar leictreachas (foirgneamh ar fad) agus coigilteas 32% ar théamh. I mbliana, laghdaigh an IPOI, mar aon leis na hoifigí eile san fhoirgneamh, a lorg carbóin faoi bhreis is 60% i gcomparáid leis an mbliain tagarmhairc de 174 tonna CO₂ ollmhór. Tá ról mór ag oifigeach ainmnithe atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh san fhoirgneamh sna laghduithe leanúnacha ar úsáid fuinnimh. In 2025, críochnaíodh mórthionscadal chun painéil fhótavoltacha gréine (PV) a shuiteáil ar dhíonta foirgnimh na hOifige. Is céim shuntasach é an tionscadal seo i dtreo lorg comhshaoil na bhfoirgneamh a laghdú. Táthar ag súil go nginfidh an tsuiteáil gréine cuid mhór de riachtanais fuinnimh na hOifige ar an láthair, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht fuinnimh iomlán. Leagtar béim sa tionscnamh seo ar an tiomantas d'fhuinneamh glan agus d'inbhuanaitheacht oibríochtúil fhadtéarmach.

10.0 Staitisticí Gnó



10.1 Paitinní

10.1.1 Paitinní

Fuarthas 591 iarratas ar phaitinn san iomlán in 2025, arb ionann é agus laghdú de 24% ar an bhfigiúr comhfhreagrach in 2024. Bhí líon na bpaitinní a deonaíodh in 2025 mar an gcéanna le líon na bliana 2024, eadhon 110. Ag deireadh 2025, bhí 1,135 iarratas ar phaitinn ar feitheamh idir lámha, arb ionann é agus laghdú 10% ar an bhfigiúr 2024 de 1,260. Ag 2025, bhí 606 iarratas ann a bhí ag fanacht le fianaise ar úrnuacht a chur isteach, méadú é sin ar an bhfigiúr 2024 de 386. Ba é 379 líon na n-iarratas a fuarthas ó iarratasóirí sa Stát i gcomparáid le 153 in 2024.

Tábla 4. Iarratais ar Phatinní


Iarratais a rinneadh			
Bliain	Téarma Iomlán	Gearrthéarmach	Iomlán
2023	128	461	589
2024	132	642	774
2025	167	424	591

Paitinní Deonta			
Bliain	Téarma Iomlán	Gearrthéarmach	Iomlán
2023	51	58	109
2024	27	83	110
2025	46	64	110

10.1.2 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta

Fuarthas 48 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhnithe Forlíontacha Cosanta), 1992 (leighis) agus 1996 (táirgí cosanta monarchan). Le linn na bliana, deonaíodh 15 dheimhniú (cosaint leighis agus cosanta monarchan), diúltaíodh do 3 cinn agus tarraingíodh siar 9 n-iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 261 iarratas ar feitheamh, i gcomparáid le 240 in 2024.


Fíor 3. Iarratais ar Phaitinní & SPC 2023-2025



Léiríonn Fíor 4 líon iomlán na n-iarratas Eorpach a ainmníonn Éire. Níl an figiúr seo san áireamh i líon iomlán na bpaitinní a deonaíodh in 2025 a bhfuil éifeacht acu sa Stát.

Bhí 201,974 iarratas ar Phaitinní Eorpacha a ainmníonn Éire sa bhliain 2025. I gcás gach stáit chonarthaigh de chuid Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha, is iondúil gurb ionann líon na n-ainmniúchán sna hiarratais agus beagnach 100% d'iomlán na n-iarratas, ós rud é go n-ainmnítear gach tír go huathoibríoch ar dtús. Deonaíodh 119,552 Paitinní Eorpacha a ainmníonn Éire in 2025.

Fíor 4. Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a ainmníonn Éire 1996-2025



Tábla 5. Paitinní a deonaíodh in 2025 agus a bhfuil éifeacht acu sa Stát.

2025	lomlán	Líon na bpaitinní a deonaíodh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de na paitinní a deonaíodh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag Oifig	30	27%	110
Deonta ag an EPO	895	0.74%	119,552
Iomlán Deonta	925	0.77%	119,662

Tábla 6. Sonraí Chlár na bPaitinní

	2023	2024	2025
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	633	971	698
Paitinní tugtha suas	0	0	0
Paitinní imithe i léig	86,155	93,362	110,809
Paitinní athchóirithe/athbhunaithe	13	11	11
Paitinní athnuaite	60,419	60,581	59,548
Paitinní éagtha	1,542	1,776	1,444
Paitinní agus SPCann i bhfeidhm	184,230	198,388	202,601
Éisteachtaí (ex-parte)	0	1	1
Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig WIPO	9	11	12
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig EPO	0	0	0

10.1.3 Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh 2025, bhí 87 duine aonair agus ocht gcomhpháirtíocht cláraithe i gClár na nGníomhairí Paitinne. Reáchtáladh scrúdú Dlí agus Cleachtais na bPaitinní ar líne i mí Aibreáin 2025. Rinne seisear iarrthóirí san iomlán an scrúdú, d'éirigh le cúigear agus theip ar dhuine amháin le ráta rathúlachta foriomlán de 83%.


10.1.4 Aicmiú na bPaitinní a Deonaíodh in 2025

Tábla 7. Aicmiú Paitinní 2025

Aicmiú	No of grants*
A. Riachtanais dhaonna: e.g. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta	23
B. Feidhmiú oibríochtaí: iompar: e.g., Múnlú, priontáil, teicneolaíocht feithicle	26
C. Ceimic: miotaleolaíocht	8
D. Teicstílí: Páipéar	0
E. Tógáil sheasta: e.g. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht	34
F. Innealtóireacht mheicniúil: soilsiú; téamh; airm; pléascadh	10
G. Físic: e.g. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach	29
H. Leictreachas: e.g. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais	13

*Nóta maidir le hAicmiú Paitinne: Tugtar aicmithe do phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil, rud a chuireann ar chumas paitinní a aisghabháil de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Tá thart ar 70,000 siombail aicmithe in Aicmiú Idirnáisiúnta na bPaitinní (IPC), roinnte idir 8 rannóg bhunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha éagsúla bunúsacha teicneolaíochta. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras Aicmithe lena chinntiú go n-áirítear teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus eisítear eagrán nua gach bliain. Tugtar cód aicmithe do gach gné airgtheach i bpaitinn. Féadfaidh dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada agus a bhaineann siad a dhóthain, mar shampla, le comhdhúil cheimiceach nua agus a húsáid mar leigheas nó luibhicíd. Dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le roinnt siombailí aicmithe chun ábhar iomlán na paitinne a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní a deonaíodh in 2025. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga IPC.

Fíor 5: Aicmithe de Réir Aicmithe IPC do Phaitinní Deonaithe in 2025



10.2 Trádmharcanna

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó i ndáil le Trádmharcanna in 2025. Fuarthas 3,328 iarratas ar Thrádmharcanna Náisiúnta san iomlán, méadú de 992 i gcomparáid le 2024. Cláraíodh 1,609 iarratas. Fuarthas 823 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán, arb ionann é agus laghdú de 6 ar fhiigiúr 2024. Cosnaíodh 810 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán.


Tábla 8. Iarratais ar Thrádmharcanna Náisiúnta

Bliain	Faighte	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cláraithe
2023	2,218	1,791	37	1,220
2024	2,336	2,225	57	1,949
2025	3,328	1,894	47	1,609

Tábla 9. Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta

Bliain	Faighte	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cosanta
2023	892	920	12	967
2024	829	751	18	742
2025	823	749	8	810

Fíor 6. Iarratais ar Thrádmharcanna 2023-2025



10.2.1 Caicmiú Trád Maharcanna Cláraíodh in 2025


Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear “Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (12ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2025.

Table 10. Classification of Trade Marks, 2025

Aicme	Aicmiúchán Earraí	Iomlán	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Iomlán
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	34	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	38
2	Péinteanna, srl.	8	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	211
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	93	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	14
4	Olaí Tionsclaíochta, srl.	24	27	Cairpéid, srl.	10
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	196	28	Cluichí, srl.	59
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	29	29	Feoil, lasc, Éineoil agus Géim, srl.	96
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	37	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	120
8	Úirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceana, srl.	14	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	47
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	305	32	Beoir, srl.	65
10	Úirlisí Máinliachta, srl.	25	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	52
11	Fearas Soilsithe	39	34	Tobac, srl.	5
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	23	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	333
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	1	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	145
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	43	37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, l Seirbhísí suiteála.	92
15	Úirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	3	38	Teileachumarsáidí	62
16	Páipéar, srl.	167	39	Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	113
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	18	40	Cóiriú Ábhar	37
18	Leathar, srl.	50	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	376
19	Ábhair Thógála, srl.	29	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	190
20	Troscán, Srl.	42	43	Soláthar bia agus dí	150
21	Acraí Beaga Tí, srl.	80	44	Seirbhísí míochaine, srl.	135
22	Rópaí, srl.	6	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	84
23	Snáitheanna	4			

*Féadfar Trádmharc a chlárú i níos mó ná aicme amháin; dá bhrí sin, is mó líon iomlán na dtrádmharcanna sna haicmí ná líon na dtrádmharcanna atá cláraithe i ndáiríre.clárait

Fíor 7. Na 5 Phríomh-Aicme Earraí Agus Seirbhísí 2025



Tábla 11. Sonraí Chlár na dTrádmharcanna

	2023	2024	2025
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1,019	953	724
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	20	3	7
Clárúcháin trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	2,187	1,764	1,882
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	6	5	6
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	7	10	7
Clárúcháin trádmharc athnuaithe	3,654	3,296	3,085
Trádmhairc náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	6	2	2
Trádmhairc idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	0	2	2
Trádmhairc náisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	1	0
Trádmhairc idirnáisiúnta cláraithe i bhfeidhm	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	49,938	49,188	49,209
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	20,110	19,656	19,377
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	70,048	68,844	68,586

Éisteachtaí	2023	2024	2025
Éisteachtaí (ex-partes)	9	2	0
Éisteachtaí (idir-pháirtí)	2	5	3
Éisteachtaí (idir pháirtí trí aighneacht i scríbhinn nó páipéir a chomhdaíodh)	5	2	1
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	35	36	36
Iarratais Trádmharc Idirnáisiúnta comhdaithe agus tarchurtha chuig WIPO	69	93	99

10.2.2 Clár na nGníomhairí Trádmharcanna

Ag deireadh 2025, bhí 258 duine aonair, agus 15 chomhpháirtíocht cláraithe ar an gClár. Reáchtáladh scrúdú DLí agus Cleachtais na dTrádmharcanna ar líne i mí Aibreáin 2025. Rinne 24 iarrthóir an scrúdú trádmharcanna, d'éirigh le 12 agus theip ar 12 le ráta pas foriomlán de 50%.

10.3 Dearaí


Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó i ndáil le Dearaí Tionsclaíocha. Fuarthas 57 iarratas ar Dhearaí Náisiúnta san iomlán in 2025, lena n-áirítear 134 dearaí aonair. Cláraíodh 87 Dearaí i rith na bliana. Bhí 1,118 Dearaí Náisiúnta fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Tábla 12. Sonraí Clár Dearaidh

		2024	2025
Iarratais ar Dhearaí*	47	51	57
Líon na ndearaí iarrtha*	126	109	134
Dearaí cláraithe	115	107	87
Dearaí imithe in éag	152	511	116
Dearaí athnuaite	90	99	259
Dearaí i bhfeidhm	1,550	1,146	1,118

*Nóta: Forálann Riail 19 de na Rialacháin um Dhearaí Tionsclaíocha 2002 gur féidir suas le 100 deardh ar a mhéad a chomhcheangal in aon iarratas amháin ar chlárú dearaí.

Fíor 8. Líon na ndearaí iarrtha do 2023-2025



10.3.1 Aicmiú Dearthaí a Cláraíodh in 2025

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearaí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (15ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2025.

Tábla 13. Aicmiú Dearthaí**

Aicme	Aicmiúchán	Cláraithe*
1	Ábhair Bia	0
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	6
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	1
4	Earraí scuaibe	0
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	2
6	Feistis	2
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
8	Uirlisí agus Crua-earraí	2
9	Pacáistí agus Gabhdáin d'iompar nó do Láimhseáil Earraí	5
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	1
11	Earraí Maisiúcháin	37
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	1
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	3
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	0
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	1
17	Uirlisí Ceoil	0
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanóireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	0
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	2
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	6
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	0
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	2
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	10
26	Fearas Soilsithe	0
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	1
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	0
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	0
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	5
	Iomlán	87

* Is feidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe

10.4 Cóipcheart

10.4.1 Comhbhainistíocht Ceart (CRM)

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasuódh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016.

Leis na Rialacháin, déantar Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ceadúnú ilchríochach ceart i saothair cheoil lena n-úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach (“an Treoir CRM”) a ionchorprú i ndlí na hÉireann. Tá dhá aidhm leis an Treoir CRM:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar líne.

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 8 cinn de na 16 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláraithe atá ag feidhmiú sa Stát.

10.4.2 Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2025, níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

10.4.3 Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

In 2025, cláraíodh 16 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe Cóipchirt, cláraíodh 1 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Maoine Taibheoirí agus ní raibh aon iontrálacha i gClár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Bunachair Sonraí. Is féidir na cláir a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann.

10.4.4 Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreachasín a dhigitiú chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachair Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláraithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Cláraíodh ocht eagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na bliain 2022.

11.0 Knowledge Development Box



Bunaíonn an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017) (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagán i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide. Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoin intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F. Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamh-soiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

11.1 Tuarascáil KDB


Ceanglaítear le halt 18 den Acht KDB orm faisnéis staidrimh a chur san áireamh maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a tarraingíodh siar nó a diúltaíodh, líon na ndeimhnithe a eisíodh agus faisnéis faoi líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithnithe sa tuarascáil don Aire, a rinneadh de réir Alt 103(1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí faoi aireagán is ábhar d'iarratas. Ní bhfuarthas aon iarratas ar Dheimhniú KDB in 2025.

12.0 Faisnéis Airgeadais




B'ionann glanfháltais a d'fhabhraigh chuig an Stáitchiste in 2025 agus €10.023m, laghdú €449,000 nó 4.28% ar fhiigiúr 2024 de €10.472m. Tagann an chuid is mó d'ioncam táillí na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. In 2025, fuair an Oifig glanmhéid de €7.502m i dtáillí athnuachana do Phaitinní Eorpacha deonaithe lena n-ainmnítear Éire, arb ionann é sin agus laghdú de 0.46% nó €35,000 ar fhiigiúr 2024. B'ionann an glanioncam comhcheangailte ó tháillí athnuachana paitinne Eorpacha agus Náisiúnta agus €8.002m in 2025. Tháinig laghdú 4.30% ar ghlanfhiigiúr 2025 thar fhiigiúr comhfhreagrach 2024.

Fíor 9. Glantáillí Paitinne a fhabhraíonn don Stáitchiste



Ba é an t-ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinne, dearaidh agus trádmarcanna (lena n-áirítear táillí trádmarcanna idirnáisiúnta) ná €10.223m, laghdú €0.441m nó 4.13% i gcomparáid le fhiigiúr 2024 de €10.664m. B'ionann glanchostais na hOifige do 2025 agus €4.278m, arbh ionann é agus méadú €0.151m thar an bhfiigiúr comhfhreagrach 2024 de €4.127m.

Fíor 10. Fáltais agus Speansais 2021 - 2025



12.1 Fáltais agus Speansaid-An Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2025³

Fáltais	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	8,002
Táillí Trádmhairc	1,462
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMÍ (Nóta 3)	747
Táillí Dearaidh	12
Táillí eile	97
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	78
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	219
Fáltais ghlan fabhráithe don Státhchiste	10,023
Costais	€000
Tuarastail	2,696
Taisteal & Cothabháil	57
Ilnithe & Focostais	131
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	75
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	697
Costais Áitreabh Oifige	130
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl..	2
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	490
Iomlán	4,278

Nóta 1: In accordance with the European Patent Convention, to which Ireland is a party, the Intellectual Property Office of Ireland is obliged to remit to the European Patents Office 50% of all renewal fees received in respect of European Patents which have been validated in Ireland and which are entered in the national register of patents.

	€000
Táillí Paitinne	15,504
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	7,502
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste	8,002

Nóta 2: Feidhmíonn Oifig mar Oifig fháltas d'iarrais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMÍ i rith 2023.

	€000
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMÍ, an Ghinéiv.	13
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich.	15
Iomlán	28

Nóta 3: De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarrais Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMÍ).

13.0 Spriocanna Feidhmiúcháin 2025



Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige 2023 -2025 cur chuige an IPOI maidir le príomhghníomhartha áirithe a sheachadadh agus bunaítear freisin réimse spriocanna feidhmíochta a bhaineann le seachadadh seirbhíse a thuairiscítear thíos

Paitinní		%		%
1	90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	99	100% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	100
2	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú	39	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ón gcomhdú.	50
3	Deonú 80% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 12 mhí ó chomhdú iarratais.	18	Deonú 100% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 18 mí ó chomhdú iarratais.	52
4	An chéad scrúdú a dhéanamh ar 70% d'iarratais ar phaitinn laistigh de 12 mhí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	78.25	An chéad scrúdú a dhéanamh ar 90% d'iarratais ar phaitinn laistigh de 18 mí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	87
5	Scrúdú substainteach a dhéanamh ar 75% d'iarratais ar phaitinn iomlán laistigh de 12 mhí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	80.5	Scrúdú substainteach a dhéanamh ar 90% d'iarratais ar phaitinn lánaimseartha laistigh de 18 mí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	86.5

Deimhnithe Cosanta Forlíontacha		%		%
6	90% de na hadmhálacha foirm'iúla comhdaithe maidir le hiarratais SPC ríomh-chomhdaithe a eisiúint ar an chéad lá oibre eile.	83	100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais SPC ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 3 lá oibre.	96.5
7	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe an SPC.	100	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó dháta comhdaithe an SPC.	100
8	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 90% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha 4 mhí ar a laghad roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.	68	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 95% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.	76

1 Ní thagraíonn sé ach do na hiarratais sin a fhaightear níos luaithe ná 12 mhí roimh an data eaga.

Trádmharcanna		%		%
9	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre.	99	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 4 lá oibre.	100
10	90% d'iarratais TM a dheimhniú ar ghlacadh nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	39	95% d'iarratais TM a dheimhniú ar ghlacadh nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	72
11	Déan cuardach tosaigh maidir le 90% d'iarratais nua TM laistigh de 5 lá oibre ó iad a fháil.	73.5	Déan cuardach tosaigh maidir le 100% d'iarratais nua TM laistigh de 8 lá oibre ó iad a fháil.	89.5
12	90% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 20 lá oibre ón éisteacht.	100	100% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 30 lá oibre ón éisteacht.	100

Dearaí Tionscail		%		%
13	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 90% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	99	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 100% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	100
14	90% d'iarratais dearaidh a dheimhniú ar chlárú nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	100	100% d'iarratais dearaidh a dheimhniú ar chlárú nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	100

Cóipcheart		%		%
15	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 90% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt 5 lá oibre roimh dháta éaga an chláráithe. ² .	100	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 100% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt roimh dháta éaga an chláráithe.	100

Ábhar ginearálta		%		%
16	90% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 2 lá oibre.	99	100% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 4 lá oibre.	99

2 Tá an sprioc seo ag brath ar iarratais ar chlárú agus athnuachan cláráithe a bheith á gcur isteach níos mó ná 30 lá roimh an dáta athnuachana.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Déan teagmháil Linn

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

T: **(00353) 56 7720111**

E: **ipinfo@ipoi.gov.ie**

www.ipoi.gov.ie